



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

Ról an Rúnaí ar charthanas

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Ról an Rúnaí ar charthanas

Réamhrá

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas ar deireadh thiar agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an gcarthanas. Is ionann rúnaí ar charthanas agus iontaobhaí ag a bhfuil ról sonrath ar an mbord.

Ba cheart do gach bord iontaobhaithe carthanais rúnaí a bheith aige, ar duine é/í ar a bhfuil na dualgais seo a leanas, i measc nithe eile:

- Riarachán agus comhlíonadh;
- Ullmhúchán a dhéanamh do chruinnithe boird;
- Miontuairiscí a bhreacadh ar chruinnithe;
- Cruinnithe eile.

Cé nach gceanglaítear ar an rúnaí ar charthanas aon cháilíochtaí foirmiúla ar leith a bheith aige/aici, is gá do na hiontaobhaithe carthanais iad féin a shásamh go sealbhaíonn an duine na scileanna agus na hacmhainní a theastaíonn chun na dualgais atá i gceist a chur i gcrích.

I gcás gur cuideachta é an carthanas, is amhlaidh, faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoin dlí coiteann, go bhfuil dualgais bhreise ar an rúnaí ina c(h)áil mar rúnaí cuideachta. Áirítear leo sin tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Tá na dualgais ghinearálta agus na freagrachtaí ginearálta atá ar rúnaí ar charthanas leagtha amach thíos:

Riarachán agus comhlíonadh

I dteannta na n-iontaobhaithe carthanais eile, tá an rúnaí ar charthanas freagrach as an gcarthanas a riar ar bhealach éifeachtúil, go háirithe maidir lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla agus rialála. Áirítear iad seo a leanas le ról an rúnaí:

- An clár ball, má bhaineann, an clár iontaobhaithe/stiúrthóirí agus rúnaithe agus an clár um leasanna na n-iontaobhaithe agus an rúnaí a chothabháil;
- Eolas a chur ar dhoiciméad rialaithe an charthanais, ar na freagrachtaí dlíthiúla atá ar charthanais faoin Acht Carthanas 2009 agus ar rialacha rialachais inmheánaigh an charthanais;
- Cabhrú lena chinntiú go ndéanann iontaobhaithe carthanais gach tuairisceán agus faisnéis reachtúil ábhartha a chomhdú leis an Rialálaí Carthanas (e.g. tuarascálacha bliantúla, athruithe ar shonraí an charthanais agus/nó athruithe ar shonraí na n-iontaobhaithe);

- A chinntiú go bhfuil an bord iontaobhaithe carthanas ar an eolas faoi na ceanglais atá ann na cóid ábhartha a chomhlíonadh, amhail an Cód Iompair d'Iontaobhaithe Carthanas atá i bhfeidhm ag an gcarthanas agus an Cód Rialachais do Charthanas;
- A chinntiú go ndéantar na cinntí agus na gníomhartha ón mbord iontaobhaithe carthanas a thaifeadh agus a chur chun feidhme go cruinn;
- An dul chun cinn ar chlár rioscaí/plean gnó/plean straitéiseach an charthanas a rianú agus deimhin a dhéanamh de go dtarraingítear aird an bhoird ar aon chomhfhreagras a sheoltar chuig na hiontaobhaithe carthanas.

Ullmhúchán a dhéanamh do chruinnithe boird

Is gá méid áirithe ullmhúcháin a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn cruinnithe boird chomh héifeachtach agus is féidir. Ba cheart don rúnaí cabhrú leis an gCathaoirleach ar an mbord gach cruinniú boird a phleanáil agus an clár oibre a shocrú dóibh. Áirítear iad seo a leanas le ról an rúnaí:

- Deimhin a dhéanamh de go gcomhaontaítear amchlár na gcruinnithe boird don bhliain atá le teacht;
- Fógra a sheoladh amach chuig iontaobhaithe carthanas (agus do dhaoine eile, nuair is infheidhme) faoi chruinnithe boird;
- Obair i gcomhar leis an gCathaoirleach ar an mbord chun an clár oibre a shocrú do gach cruinniú boird, lena n-áirítear bainistiú a dhéanamh ar aon mhíreanna a fhaightear ó iontaobhaithe carthanas eile lena gcur ar an gclár oibre;
- Páipéir bhoird nó paca boird a scaipeadh cúig lá ar a laghad roimh chruinnithe;
- Déileáil le haon saincheistanna a tharraingíonn iontaobhaithe carthanas anuas maidir le páipéir bhoird nó pacáí boird;
- A sheiceáil go bhfuil córam i láthair¹ (agus go mbeidh sé i láthair ar fud an chruinnithe, más gá) agus bheith ar an eolas faoi aon socruithe seachvótála a cheadaítear le doiciméad rialaithe an charthanas;
- A chinntiú go bhfuil an t-ionad/an seomra ullmhaithe go cuí don chruinniú.

Miontuairiscí a bhreacadh ar chruinnithe

Is é an cuspóir atá le miontuairiscí ná taifead inmheánach atá cruinn, neamhchlaon agus cothrom a sholáthar ar ar tharla ag cruinniú. Áirítear iad seo a leanas le ról an rúnaí:

1 Is é córam do charthanas an líon íosta iontaobhaithe carthanas nach mór dóibh páirt a ghlacadh i gcruinniú chun go mbeidh sé ina chruinniú bailí de chuid bhord an charthanas.

- Na miontuairiscí a bhreacadh ag cruinnithe boird agus taifid a chothabháil ar na miontuairiscí uile;
- Taifead a choinneáil ar na saincheistanna uile a pléadh, ar na cinntí a rinneadh agus ar aon ghníomhartha a theastaíonn chun cinneadh a chur chun feidhme;
- Obair go dlúth leis an gCathaoirleach chun a chinntiú go bhfuil na dréacht-mhiontuairiscí cruinn.
- Dréacht-mhiontuairiscí a eisiúint chuig iontaobhaithe carthanais lena mbreithniú tar éis cruinnithe boird agus, sula gceadófar go foirmiúil iad, déileáil le haon iarrataí ina dhiaidh sin go gceartófaí iad;
- A chinntiú go stóráiltear miontuairiscí go sábháilte agus go mbíonn teacht ag an gCathaoirleach ar an mbord agus ag aon iontaobhaí carthanais eile orthu nuair is gá.

Cruinnithe eile

- Is gnách go n-imreoidh an rúnaí ról tacaíochta maidir le Cruinniú Ginearálta Bliantúil nó Cruinnithe Ginearálta Urghnácha a bhunú agus a reáchtáil, nuair is gá.

Cé go bhféadfaidh an rúnaí roinnt nó gach ceann de na dualgais atá air/uirthi a tharmligeán, is ar an rúnaí a bheidh an fhreagracht as a f(h)eidhmíocht go fóill.

Doiciméid Ábhartha Eile

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na doiciméid ‘[Ról an Chathaoirligh ar charthanas](#)’ agus ‘[Treoirnóta maidir le breacadh miontuairiscí](#)’.